www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2015

# Irish

## Unit 3: Listening

## Foundation Tier

**[GIR31]**

**MONDAY 8 JUNE, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio "beep" to precede each question

Questions 1 – 9 insert 5 and 10 second pauses

Questions 10 – 13 insert 7 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2015
Irish, Unit 3, Listening, Foundation Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 You hear Lotto results.

*M* – Seo na huimhreacha don Lotto. A trí, a sé déag, a deich, fiche, tríocha a hocht, daichead a dó.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

2 Peadar talks about his school subjects.

*M* – Déanaim Gaeilge, Béarla, Mata, Teagasc Críostaí, Bitheolaíocht agus Ceol.

*F* – Cé acu is fearr leat?

*M* – Is fearr liom Teagasc Críostaí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cad chuige?

*M* – Mar tá sé iontach furasta.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

3 Máire talks about her house.

*F* – Tá mé i mo chónaí i nDún Geanainn.

*M* – Cén sórt tí atá agaibh?

*F* – Tá teach dhá urlár againn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil an teach suite sa bhaile mhór?

*F* – Tá. Tá sé suite in aice leis an ospidéal.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An maith leat do theach nua?

*F* – Is maith liom mo theach nua mar tá mo sheomra leapa féin agam.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Liam talks about his Saturday night.

*F* – A Liam, an ndeachaigh tú chuig an chlub óige aréir?

*M* – Chuaigh. Cén t-am ar thosaigh an céilí?

*M* – D'oscail an bainisteoir an doras ar leath i ndiaidh a hocht agus d'fhág muid an club ar a haon déag a chlog.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cé a chuaigh leat?

*M* – Chuaigh mo dheartháir óg liom.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cad é mar a bhí an céilí?

*M* – Bhí sé go maith.

*F* – An raibh tú féin ag damhsa?

*M* – Bhí, cinnte. Chaith mé an oíche ag damhsa.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

5 You hear the weather forecast.

*F* – Agus anois an aimsir don lá inniu.
Cuir ort do chóta, ar maidin, mar tá sé iontach gaofar.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Tráthnóna inniu, tóg scáth fearthainne leat. Beidh sé measartha fliuch.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Anocht, beidh sé iontach ceomhar. Bí cúramach anocht, ag tiomáint ar na bóithre.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

6 You hear a conversation.

*M* – A Áine, cad é atá ort?

*F* – Chaill mé mo sparán ar maidin.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Cad é a bhí sa sparán?

*F* – Bhí eochair ann.

*M* – Eochair an tí? Tá sé sin go holc. Cuir scairt ar na gardaí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

7 You hear conversations in a restaurant.

*F* – Ar mhaith leat an biachlár a fheiceáil?

*M* – Níor mhaith. Tabhair dom tae agus ceapairí, le do thoil.

*F* – Maith go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Ba mhaith liom anraith le do thoil. An bhfuil anraith glasraí agat?

*F* – Tá.

*F* – Tabhair dom arán donn fosta.

*F* – Maith go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Dia duit. Cad é ba mhaith leat inniu? Tá sicín agus iasc ar fáil inniu. Cé acu ba mhaith leat?

*M* – Ba mhaith liom sicín, le do thoil.

*F* – Agus an mbeidh sceallóga nó prátaí agat?

*M* – Ba mhaith liom sceallóga, le do thoil.

*F* – Maith go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

8 Two friends talk about what they do in their free time.

*M* – Is mise Eoin. Is maith liom an deireadh seachtaine mar caithim an deireadh seachtaine le mo dhaidí. Tá sé ina chónaí faoin tuath. Níl mórán le déanamh faoin tuath ach is cuma liom. Caitheann muid gach Satharn ag iascaireacht.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Is mise Niamh. Is duine ciúin mé ach tá a lán cairde agam. Fuair mé ríomhaire glúine nua do mo bhreithlá anuraidh agus caithim dhá uair an chloig ar an idirlíon gach oíche ag caint le mo chairde.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

9 Pól and Nuala talk about hairstyles.

*F* – Bhuel, a Phóil. Cad é atá cearr leat?

*M* – Chuaigh mé chuig an ghruagaire ar maidin agus fuair mé bearradh gruaige.

*F* – Nach maith leat an stíl nua?

*M* – Sílim go bhfuil mo chuid gruaige ró-ghairid anois.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cad é a dúirt do theaghlach?

*M* – Bhí mo dhaidí ag amharc ar an teilifís agus níor thug sé faoi deara go raibh mo chuid gruaige gairid.

*F* – Agus cad faoi do dheirfiúr?

*M* – Dúirt sí go bhfuil an stíl seo i bhfaisean anois.

*F* – Tá an ceart aici.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Beidh fearg ar an mhúinteoir nuair a fheiceann sé mé.

*F* – Ná bí buartha. Amharc ormsa. Ní thig liom rud ar bith a dhéanamh le mo chuid gruaige féin. Tá mo chuid gruaige iontach catach.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

10 Aoife and Cormac plan a trip.

*M* – A Aoife, chuala mé go bhfuil tú ag dul chuig cluiche rugbaí sa chomórtas mór i Meán Fómhair.

*F* – Fuair m'athair ticéad dom.

*M* – An dtig leat ticéad a fháil dom, le do thoil?

*F* – Tá ticéad eile agam agus tabharfaidh mé duit é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Cad é mar a fuair d'athair an ticéad?

*F* – Is dochtúir é agus cuidíonn sé le himreoirí gortaithe.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ná cuir lóistín in áirithe mar tá m'aintín Síle ina cónaí i Londain agus thig linn stopadh aici.

*F* – An bhfuil tú cinnte?

*M* – Tá mé. Tá teach mór aici agus beidh áthas uirthi muid a fheiceáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An síleann tú go bhfuil seans ag Éirinn sa chomórtas?

*F* – Sílim go bhfuil seans maith acu mar tá an fhoireann láidir.

*M* – Tá an fhoireann láidir.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

11 You hear a conversation.

*M* – Dia duit, a Eithne.

*F* – Dia's Muire duit, a Thomáis. Tá deifir orm. Tá mé ag dul chuig rang sa Chultúrlann.

*M* – Ní raibh a fhios agam go mbíonn ranganna ar siúl sa Chultúrlann.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtéann tú ansin gach oíche?

*F* – Ní théim. Téim chuig rang amháin gach seachtain.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtéann páistí agus daoine fásta chuig an rang ina bhfuil tú?

*F* – Is rang do dhaoine fásta é. Níl cead ag páistí freastal air.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Rachaidh mise leat.

*F* – Tá brón orm ach ní thig leat teacht liom mar tá an rang lán. Níl áit ar bith fágtha.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

12 You hear a conversation in a shop.

*F* – Ba mhaith liom bronntanas a cheannach do mo mháthair. Ba mhaith liom uaireadóir a cheannach di.

*M* – An bhfuil uaireadóir aici cheana féin?

*F* – Bhí uaireadóir maith aici ach bhris sí é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ar mhaith leat uaireadóir airgid nó uaireadóir óir a cheannach?

*F* – Ceann óir, le do thoil.

*M* – Seo ceann deas agus tá sé measartha réasúnta.

*F* – Ceannóidh mé an ceann seo.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil tú cinnte?

*F* – Tá. Ba mhaith liom bronntanas speisialta a thabhairt do mo mháthair mar beidh sí daichead bliain d'aois an tseachtain seo chugainn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Maith go leor. Cuirfidh mé i mbosca deas duit é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

13 Úna and Marcus discuss a concert.

*M* – A Úna, cad chuige nach raibh tú ag an cheolchoirm aréir?

*F* – Bhí mé ag iarraidh dul ach níor thug mo mháthair cead dom dul.

*M* – Cad chuige?

*F* – Bhí mo mháthair tinn agus d'iarr sí orm an dinnéar a ullmhú.

*M* – Bhí a lán daoine ann agus thaitin an oíche go mór le gach duine. Bhí sé deas bheith ag ceolchoirm taobh amuigh faoin spéir mar oíche ghalánta a bhí ann.

*F* – Is dócha go raibh atmaisféar ar dóigh ann.

*M* – Bhí, cinnte.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Bhí a lán áiseanna ar fáil sa pháirc. Bhí caife beag agus siopa agus leithris ann chomh maith. Cheannaigh mise t-léine ach shíl mé go raibh sé daor go leor. Bhí an bia agus na deochanna sa chaife iontach costasach fosta. Níor cheannaigh mé rud ar bith sa chaife.

*F* – Chuala mé nach raibh na daoine atá ina gcónaí sa cheantar sásta. Dúirt siad go raibh an callán go dona.

*M* – Chuala mé sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.